



Comhairle Contae Chill Chainnigh Plean Corparáideach 2014-2019

Arna Ghlacadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh ag a gcruinniú Míosúil a bhí ar siúl an 17 Samhain 2014.

Brollach leis an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach	3
Teachtaireacht réamhráiteach leis an gCathaoirleach	4
Próifíl Chill Chainnigh	6
Cúlra leis an bPlean Corparáideach	
Próiseas Comhairliúcháin	
Ráiteas Misin	7
Croíluachanna agus Prionsabail	
Téamaí atá Fite Fuaite	
Croíchuspóirí agus Straitéisí Tacaíochta	9
- Corparáideach	
- Forbairt Gheilleagrach	
- Turasóireacht	
- Forbairt Fiontair Áitiúil	
- Tithíocht	
- Iompar	
- Seirbhísí Uisce	
- Pleanáil Éigeandála	
- Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála	
- Pleanáil agus Forbairt Inmharthana	
- Cosaint an Chomhshaoil	
- Forbairt agus Cuimsiú an Phobail	
- Na hEalaíona	
- Spórt agus Caitheamh Aimsire	
- Oidhreacht	
- Seirbhísí Leabharlainne	
- Bainistíocht Riosca	
- Soláthar	
- Sláinte agus Sábháilteacht	
- Cumas agus Acmhainní Inmheánacha	
Ár dTimpeallacht Oibriúcháin – Seachtrach agus Inmheánach	21
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	26
Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta	28
Aguisíní: Struchtúir Eagraíochta Chomhairlí Contae agus Buirge Chill Chainnigh	

Brollach – an Príomhfheidhmeannach

Tugtar breac-chuntas sa Phlean Corparáideach seo ar Chuspóirí Straitéiseacha agus ar straitéisí tacaíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh don tréimhse 2015-2019, maidir lenár Ráiteas Misin agus ár gCroíluachanna.

Ar aon dul le Beartas an Rialtais agus leis an iomaí snáithe de chuid Straitéis Forbartha Geilleagraí na Comhairle a chur i bhfeidhm, tá sé ríthábhachtach go gcruthaíonn cruthú post agus forbairt gheilleagrach inmharthana cuspóir príomhshrutha sna blianta amach romhainn.

Ar an gcuma chéanna, tá feidhm lárnach ag ár straitéisí maidir le seasamh le cearta daonna, chun soláthar a dhéanamh do chuimsiú agus comhionannas sóisialta i dtaobh beartais a fhorbairt atá mar bhonn agus taca leis an bPlean Corparáideach.

I gcomhthráth, ní mór a aithint go mbeidh tionchar sainitheach ag an timpeallacht leanúnach dhúshlánach gheilleagrach ar leibhéil náisiúnta agus áitiúla ar an méid a chuirfear ár seirbhísí ar fáil. Thit leasuithe amach ar leibhéal an Rialtais Áitiúil i gCill Chainnigh le linn thréimhse an Phlean Chorporáidigh dheiridh agus leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh. I measc roinnt samplaí tá díothú Chomhairle Buirge Chill Chainnigh, ailíniú na dtoghcheantar agus Uisce Éireann a bhunú. Is é an dúshlán a bheidh romhainn sa tréimhse amach romhainn ná chun breis éifeachtúlachta a bhaint amach i soláthar seirbhísí agus chun leanúint agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse do chustaiméirí.

De réir mar a thugaimid faoi 2015, táimid tar éis a bheith thíos le laghduithe suntasacha ar acmhainní foirne agus airgeadais cheana féin. Leanfaidh na timpeallachtaí seachtracha agus inmheánacha le tionchar a imirt ar leithdháileadh agus soláthar acmhainní agus treoir straitéiseach Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar aon le hiad a chruthú sna blianta amach romhainn.

Ní mór a lua, chomh maith, go bhfuil deiseanna nua ann le tapú. Soláthraíonn bunú Coistí Forbartha Pobail Áitiúil na forais le haghaidh soirbhíochais mar gheall gur féidir le pobail ar fud ár gcontae iad féin a réiteach le haghaidh forbairt fheabhsaithe áitiúil i gcomhoibriú leis an Údarás Áitiúil.

I dtaobh an mhéid atá bainte amach againn go dtí seo, is mian liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa as ucht a dtacaíochta agus le foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh as ucht a ndianoibre agus a dtiomantais leantaigh thiomanta. Is tríd an gcomhoibriú rathúil leanúnach seo gur féidir linn tabhairt faoi na dúshláin atá amach romhainn agus ár seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh an Chontae sa bhealach is fearr is féidir a chomhlíonann tiomantais ár bPlean Chorporáidigh.

John Mulholland

Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Brollach – an Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, is mian liom fáilte a chur roimh an bPlean Corparáideach seo a chuimsíonn an tréimhse idir 2014 agus 2019. Is iad Comhairle Contae Chill Chainnigh an comhlacht áitiúil daonlathach a dhéanann ionadaíocht do leas mhuintir Chill Chainnigh agus is iad soláthraí na seirbhísí do dhaonra Chill Chainnigh. Baineann ríthábhacht leis na seirbhísí seo a sholáthraímid, lena n-áirítear tithíocht, bóithre, pleanáil agus an comhshaol i measc cinn eile, i dtaobh forbairt gheilleagrach agus folláine shóisialta i gCill Chainnigh. Baineann cách sochar dár n-iarrachtaí. Tá bonneagar reatha Chill Chainnigh mar thoradh, den chuid is mó, ar obair Chomhairle Contae Chill Chainnigh le tamall maith de bhlianta anuas.

Is í Cill Chainnigh croíhailte glasa an Oirdheiscirt. Is léir seo ó aschur as cuimse ár dtuaithe. Tugtar an táirgiúlacht seo faoi deara i dtaobh buainte agus aschuir líonmhara d’amhábhair, ar nós gráin, bainne agus feola. Eascraíonn tionscadail thréana áitiúla as na rudaí luachmhara seo lena mbaineann iomrá idirnáisiúnta a sholáthraíonn go leor fostaíocht áitiúil. Léiríonn gach ceann de na gnéithe seo d’fhiontar agus de dhianiarrachtaí daonna tiomantas agus neart shaintréithe mhuintir Chill Chainnigh. Tá sé de chuspóir ag Comhairle Contae Chill Chainnigh na saintréithe seo a mhacasamhlú trí bhorradh agus fhorbairt leanúnach Chomhairle Contae Chill Chainnigh a éascú. Fáiltítear go croíúil roimh theicneolaíochtaí agus dheiseanna nua gnó. Aithnítear seo go hidirnáisiúnta de réir mar a lonnaíonn infheistíocht isteach anseo.

Samplaí oiriúnacha iad ár mbailte agus ár gCathair d’fhiontar áitiúil, stair agus tíreolaíocht áitiúil, a thagann le chéile chun freastal ar riachtanais na ndaoine áitiúla. Ionaid seirbhíse áitiúla iad, a fhreastalaíonn ar riachtanais a gcúlchríche. Cibé acu má bhíonn siad beag nó mór i dtaobh daonra, tá siad dea-oiriúnaithe do lonnaíocht agus do ghnó don lucht áitiúil cónaithe agus leanfaidh siad le tacaíocht leanúnach Chomhairle Contae Chill Chainnigh a fháil.

Tá leagáid fhairsing stairiúil ag Cathair Chill Chainnigh agus roinnt dá lonnaíochtaí tuaithe agus tá saintréith mheánaoiseach dhea-chaomhnaithe mar aon le hoidhreacht ghalánta eaglasta acu go léir, a sholáthraíonn eispéireas uathúil don chuairteoir. Mar aon leis an deis seo, tá earnáil mhór fáilteachais i gCill Chainnigh a bhfuil ardchlú uirthi. Soláthraíonn na torthaí gaolmhara don gheilleagar áitiúil i dtaobh ioncam, post agus an chaithimh ghaolmhair uile, gné ríthábhachtach eile den gheilleagar áitiúil. Tá clú ar an logainm ‘Cill Chainnigh’ i dtaobh na cóiríochta agus na sármhaitheasa cócaireachta is fearr. Féadaimid agus déanaimid luach a chur le hacmhainní áitiúla gach deis a thagann aníos.

Tá oidhreacht dhearsnaitheach spóirt ag Cill Chainnigh ar léir í ón rath a bhí ar a foirne i spóirt éagsúla le himeacht go leor blianta mar aon leis an ardráta leanúnach rannpháirtíochta sa spórt. Déantar an dath dubh agus ómrach a chrochadh go bródúil gach bliain. Baineann daoine taitneamh as Cill Chainnigh, tacaíonn mic agus iníonacha dúchasacha agus cuairteoirí araon le Cill Chainnigh. Is deas a bheith mar chuid de Chill Chainnigh agus is deas a bheith i gCill Chainnigh.

Pat Millea

Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh

Próifíl Chill Chainnigh

Tá Cill Chainnigh suite in Oirdheisceart na hÉireann. Tá achar talún 2,062 ciliméadar cearnach sa chontae mar aon le daonra 95,419, a cuireadh i dtaifead i nDaonáireamh 2011. Tá achar 2,062 ciliméadar cearnach (206,200 heicteár) sa Chontae.

Is iad Cathair agus Purláin Chill Chainnigh an príomhionad uirbeach. Is iad na ceantair uirbeacha is mó sa Chontae, seachas an Chathair agus na Purláin, ceantar Phort an Chalaigh, in aice Chathair Phort Láirge, agus bailte ceantair Challainn, Chaisleán an Chomair, Ghráig na Manach agus Bhaile Mhic Andáin.

Tá tionscal tréan dúchasach i gCill Chainnigh in earnálacha ar nós bia agus dí, mar aon leis an earnáil cheardaíochta. D'fhorbair an chathair próifíl thréan mar ionad seirbhísí agus is ionad riaracháin í le haghaidh líon gníomhaireachtaí stáit agus leathstáit. Tá ardphróifíl ag Cill Chainnigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar ionad le haghaidh turasóireachta, féilte, oidhreachta agus na n-ealaíon.

Cuireadh daonra Chill Chainnigh i dtaifead i nDaonáireamh 2011 amhail 95,419 duine, ar méadú 7,861 duine é seo i gcomparáid leis an daonra a cuireadh i dtaifead in 2006. Is ionann seo agus méadú 9% ar an daonra don chontae thar an tréimhse agus is figiúr seo atá comhionann, a bheag nó a mhór, leis an meánmhéadú 8% a tháinig ar Stát.

Chuir Cathair Chill Chainnigh (na purláin agus ceantar na buirge le chéile) daonra 24,423 duine i dtaifead in 2011, ar méadú 2,244 duine (10.1%) é seo i gcomparáid leis an daonra a cuireadh i dtaifead in 2006.

Daonra taifeadta 1996-2011

	1996	2002	2006	2011
Contae Chill Chainnigh	75,336	80,399	87,558	95,419
Cathair Chill Chainnigh ¹	18,696	20,735	22,179	24,423

Bhí ról tábhachtach ag Cathair Chill Chainnigh i stair na hÉireann ó bhunaigh Naomh Cainneach an chathair sa 6ú haois. Go bunúsach, is baile meánaoiseach den tríú haois déag é: a bhí mar thoradh de Choncas na Normannach. Rinne Cairt Ríoga an Rí Séamas I Cill Chainnigh a bhunú mar Chathair i 1609. Rinne an Chathair a comóradh 400 bliain ar stádas Cathrach a cheiliúradh in 2009.

Coimeádadh saintréith mheánaoiseach na cathrach, go háirithe trí fhoirgnimh ar nós Chaisleán Chill Chainnigh, Eaglais Chainnigh, Teach Rothe agus Teach Shee Alms a chaomhnú.

Braitheann Cathair Chill Chainnigh ar an trádáil fáilteachais agus ar a gné uathúil mheallta do thurasóirí.

Cúlra leis an bPlean Corparáideach

Feidhmíonn an Plean Corparáideach seo mar chreatlach straitéiseach an údaráis áitiúil do ghníomhaíocht amach anseo. Straitéis atá sa Phlean Corparáideach chun spriocanna ardleibhéil eagraíochtúla a bhaint amach. Déanann sé fíís an údaráis áitiúil a chur i láthair. I dtaobh téarmaí reachtúla, ceanglaíonn Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ar Phleananna Corparáideacha a réiteach do shaolré na gComhairlí nua (2014-2019).

Saináithníonn an Plean Corparáideach cuspóirí d’amfhráma an phlean laistigh de chomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin don Chomhairle. Bhí aird ag an bpróiseas pleanála straitéisí ar na hacmhainní agus na srianta a d’imir tionchar ar sholáthar chuspóirí an Phlean Chorpáraidigh. Anuas air sin, bhunaigh Chomhairle Contae Chill Chainnigh socruithe tuairiscithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn gach bliain.

Cuireann an plean sraith téamaí atá fite fuaithe le chéile i gcuntas a leathnaíonn ar fud na Comhairle. Anuas air sin, léiríonn sé réimse saincheistanna idir-roinne. Mar chreatlach straitéiseach, stiúrfaidh an Plean Corparáideach ullmhú agus cur i bhfeidhm Pleananna Oibríochtúla ag gach ceantar seirbhíse. Sonróidh gach Plean Oibríochtúil conas a thabharfaidh gach stiúirthóireacht/ceantar seirbhíse faoi na cuspóirí a shonraítear anseo.

Próiseas Comhairliúcháin

Tá ullmhú an phlean chorparáidigh seo bunaithe ar na torthaí ó na próisis fhairsinge chomhairliúcháin ar tugadh fúthu roimhe seo agus ina raibh comhaltaí tofa, an fhoireann agus ionadaithe pobail bainteach a bhí dírithe ar chomhdhearcadh a bhaint amach i dtaobh an mhisin agus na gcróichuspóirí foriomlána don eagraíocht agus i leith chúlra thimpeallacht inmheánach agus sheachtrach oibriúcháin na hEagraíochta, ar a ndéantar cur síos fairsing níos déanaí sa phlean seo.

Ráiteas Misin:

“Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae Chill Chainnigh oibriú as lámh mhuintir Chill Chainnigh agus na ngníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh agus chun forbairt inmharthana gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn le haghaidh na glúine seo agus glúine amach anseo.”

Croíluchanna agus Prionsabail:

Agus sinn ag tacú leis an bpróiseas daonlathach agus le sainchúram na nIonadaithe Tofa, mar aon leis an ngá atá le timpeallacht shábháilte, fholláin, agus thacúil don fhoireann a aithint, tugann Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi na croíluachana agus na prionsabail a leanas:-

- Seirbhís do Chustaiméirí atá Éifeachtúil agus ar Luach Maith
- Feabhsú agus Tomhas na Seirbhíse
- Tacú le próiseas agus Rialachas Feabhsaithe Daonlathach Áitiúil
- Cumas a Thógáil
- Ceannaireacht Pobail agus Rannpháirtíocht Saoránach
- Trédhearcacht agus Oscailteacht
- Inrochtaineacht
- Rannpháirtíocht agus Comhionannas
- Fostaithe a Aithint
- Iontaobhas agus Iomláine
- Freagrúlacht agus Éifeachtúlacht
- Freagracht
- Rialú Buiséadta
- An úsáid a bhaintear as Acmhainní Ganna a uasmhéadú.
- Glacadh le Cur Chuige Réigiúnach agus/nó cur chuige ilghníomhaireachta, sa chás cuí
- Comh-mheas agus comhthacaíocht a thabhairt do Chomhaltaí, an Fhoireann agus do shaoránaigh.

Téamaí atá Fite Fuaite

D'eascair líon téamaí atá fite fuaite lena chéile ón bpróiseas comhairliúcháin a leagann béim ar na cuspóirí straitéiseacha sa Phlean Corparáideach.

▪ **Cumarsáid Fheabhsaithe**

Tabharfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi chumarsáid a fheabhsú laistigh dá struchtúir féin, leis na gníomhaireachtaí agus leis an bpobal mór le soláthar seirbhíse níos fearr a chinntiú.

▪ **Seirbhís do Chustaiméirí**

Caitear leis an bhfeabhas atá tagtha ar sheirbhísí do chustaiméirí mar chuid ríthábhachtach dár ról. Forbraíodh Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta, ar gá iad a léamh i gcomhthráth leis an bPlean Corparáideach seo. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí seo tograí daingne chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí.

▪ **Díriú ar chuimsiú sóisialta**

Tá tiomantas ann lena chinntiú go n-imrionn cáilíocht fheabhsaithe beatha tionchar ar gach duine a chónaíonn i gCill Chainnigh, trí bhearta atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta a bheidh mar bhonn agus taca le pleananna agus gníomhartha na Comhairle.

▪ **Léamh profaí a dhéanamh ar bheartais**

Déanfar léamh profaí ar gach plean i leith saincheistanna bochtaineachta, eisiaimh, éagothroime agus pleanála spásúla.

Anuas air sin, déanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh measúnú ar chomhionannas saincheistanna ceart daonna a d'fhéadfadh bheith bainteach le feidhmeanna agus cuspóir ár n-eagraíochta agus na beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chuirfear i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheistanna siúd.

▪ **Forbairt inmharthana**

Léireoidh gach plean agus gníomh an clár d'fhorbairt inmharthana agus déanfar tagairt ar leith do chuspóirí Réigiúnacha, Náisiúnta agus an AE.

▪ **Comhionannas**

Tá tiomantas ann do chomhionannas a bhaint amach mar fhostóirí agus mar sholáthraithe seirbhíse araon.

▪ **Comhpháirtíocht agus Rannpháirtíocht Saoránach**

Oibreoidh Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar le pobail áitiúla agus le soláthraithe seirbhíse eile lena chinntiú go soláthraítear ár seirbhísí ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun freastal ar riachtanais na sochaí a bhfuil síorathrú ag teacht orthu.

Baineann ríthábhacht le rannpháirtíocht saoránach maidir lena chinntiú go n-éistear le glór gach duine, go ndéantar breithniú ar gach ábhar buartha, ní hamháin ábhair bhuartha an tromlaigh, go bhfuil gach duine curtha ar an eolas ar na cinntí a dhéantar agus na breithniúcháin agus an t-údar a bhaineann le cinntí.

▪ **An Úsáid is Fearr a bhaint as Acmhainní**

Tabharfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh faoina seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtúla agus is costéifeachtúla, trí líon meicníochtaí seachadta seirbhíse, lena n-áirítear soláthar díreach seirbhíse, comhshocruithe seirbhíse agus socruithe ilghníomhaireachta.

Croíchuspóirí agus Straitéisí Tacaíochta

Corparáideach:

Croíchuspóirí

Tacú le sainchúram na n-ionadaithe tofa.

Cumas na foirne a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn cuspóirí eagraíochtúla a sholáthar.

Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don saoránach.

Straitéisí Tacaíochta

- A chinntiú go bhfuil aithint agus tuiscint shoiléir ar bheartas agus ar ról ionadaíoch na n-ionadaithe tofa leathnaithe ar fud na Comhairle.
- Tacú le struchtúir dhaonlathacha agus fóraim an dá údaráis agus iad a éascú, lena n-áirítear gach ceann dá gcoistí.
- Na struchtúir, daoine, straitéisí agus córais oiriúnacha a sholáthar, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil, chun seirbhísí tráthúla agus ardchaighdeáin a sholáthar do mhuintir an Chontae ar fud an réimse iomlán seirbhísí.
- A chinntiú go dtacaítear leis an bhfoireann trí na straitéisí ceannaireachta, spreagtha, breithmheasa agus cumasaithe cuí.

Forbairt Gheilleagrach agus Cruthú Post

Croíchuspóirí

Tacú le fairsingiú agus forbairt gheilleagar Chill Chainnigh agus iad a chur chun cinn trí bhearta chun infheistíocht fhadtéarmach atá inmharthana go straitéiseach a éascú ag a bhfuil cumas suntasach fostaíochta, ioncaim agus borrrtha.

Bearta Tacaíochta

- Forbairt straitéiseach a dhéanamh ar an mbonneagar geilleagrach trí thionscadail agus bearta chun feabhas a chur ar mheallacht Chill Chainnigh mar cheann scríbe gnó.
- Tacú le teacht chun cinn na spriocionscnamh infheistíochta agus cruthaithe post.
- Oibriú le gníomhaireachtaí stáit agus le comhlachtaí eile chun infheistíocht dhíreach iasachta a mhealladh isteach i gCill Chainnigh.
- Cill Chainnigh a mhargú mar láthair chun tabhairt faoi ghnó inti, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Ceathrú chruthaitheach a fhorbairt i gCathair Chill Chainnigh.
- Gníomhaíochtaí forbartha geilleagraí na Comhairle a chomhordú i gcomhar leis an bPlean Forbartha Geilleagraí Pobail Áitiúil a réiteoidh an Coiste Beartais Straitéisigh d'Fhorbairt agus Fiontar Geilleagrach agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Forbairt Fiontair Áitiúil

Croíchuspóirí

I gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann chun fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus chun gnólachtaí reatha beaga a fhorbairt chun cruthú post a chur chun cinn trí thacaíochtaí ardchaighdeán a sholáthar.

Straitéisí Tacaíochta

- Soláthar seirbhísí a chomhordú d'fhiontair bheaga agus do mhicreaghnóthais tríd an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ).
- An OFÁ a chur chun cinn mar an gcéad ionad ilfhreastail le haghaidh fiontar áitiúil.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha sa Chontae chun fiontraíocht a chothú.
- An oiliúint agus an meantóireacht chuí fiontair a sholáthar d'úinéirí gnólachtaí beaga agus d'fhiontraithe féideartha.
- Roghanna cistithe a sholáthar d'fhiontraithe, do thionscnóirí luathchéime agus do ghnólachtaí inmharthana chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta, borradh agus forbairt.
- Bealaí chun dul chun cinn a fhorbairt do ghnólachtaí beaga chun measúnú a dhéanamh ar thacaíochtaí ó Fhiontraíocht Éireann (e.g. cúnamh chun easpórtáil a dhéanamh)
- Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair ardchaighdeán le haghaidh fiontar dúchasach.

- Comhairle a sholáthar ar thacaíochtaí nó ghníomhaíochtaí Údaráis Áitiúil a imríonn tionchar ar fhiontar, lena n-áirítear rátaí, soláthar, ceadúnú comhshaoil agus an córas pleanála.

Turasóireacht

Croíchuspóir

Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara – idir phoiblí agus phríobháideacha, deonacha agus ghairmiúla – chun Straitéis Turasóireachta Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm agus chun suíomh Chill Chainnigh a choimeád mar an gceann scríbe is galánta Cultúrtha agus Oidhreachta in Éirinn.

Straitéisí Tacaíochta

- Oibriú le Fáilte Éireann chun an plean ‘an Míle Meánaoiseach’ a chur chun cinn agus chun an tionchar geilleagrach atá ag infheistíocht leanúnach i dtairiscint oidhreachta Chill Chainnigh a mhéadú.
- Cuimsiú an lucht féachana a mhéadú atá ag féilire saibhir féilte Chill Chainnigh trí mhargaíocht agus cláir CP agus trí rannpháirtíocht na gcomhaltaí i dtaispeántais agus comhdhálacha náisiúnta ceardaíochta.
- Na féilte agus na gníomhaíochtaí nua do chuairteoirí a bhunú, ar nós na Seachtaine Meánaoisí agus eispéireas Smithwick’s ar ionchas imeachtaí Chill Chainnigh agus chun líon na gcuairteoirí a mhéadú, a dhéanann fíorluach geilleagrach do chathair agus do chontae Chill Chainnigh.
- Dul i gcomhairle leis an bpobal, comhaltaí Thurasóireacht Chill Chainnigh agus gach páirtí leasmhar chun an t-eispéireas den chéad scoth a choimeád a bunaíodh le roinnt blianta anuas agus chun leanúint le gradaim thurasóireachta a bhaint amach.
- An clár ambasadóra ‘Ceann Scríbe Chill Chainnigh’ a fhás agus chun na líonta céimithe a mhéadú, mar aon lena n-idirchaidreamh le cuairteoirí.

Tithíocht:

Croíchuspóir

A chinntiú go mbaineann gach duine dár saoránaigh taitneamh as caighdeán leordhóthanach de chóiríocht tithíochta a oireann dá riachtanais agus, sa mhéid is féideartha, ina rogha láithreach agus tionachta agus chun seirbhís fhreagrúil agus thacúil tithíochta a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn cúnaimh uathu.

Straitéisí Tacaíochta:

- An fháil atá ar chóiríocht a uasmhéadú chun freastal ar chatagóirí éagsúla riachtanais.
- Clár pleanáilte cothabhála agus athchóirithe a chur i bhfeidhm ar ár stoc reatha tithíochta i gCill Chainnigh, faoi réir fáil a bheith ar na hacmhainní.
- Bainistíocht eastáit agus rannpháirtíocht tionóntaí a chothú.
- Iasachtaí agus dreasachtaí a sholáthar do dhaoine a sholáthraíonn a gcóiríocht féin.
- Soláthar a dhéanamh do ghrúpaí imeallaithe, ar nós daoine atá faoi mhíchumas, an lucht siúil agus daoine gan dídean laistigh de Chláir chomhaontaithe Chóiríocht Tithíochta.

- An fháil atá ar chóiríocht a mhéadú i gcomhar leis an Eanáil Phríobháideach agus Dheonach.

Iompar:

Croíchuspóir

Pleanáil agus éascú a dhéanamh ar mhaithe le riachtanais iompair na ndaoine a chónaíonn i gContae Chill Chainnigh agus a thaistealaíonn tríd an gcontae agus feabhas a chur ar an mbonneagar, lena n-áirítear beartas iompair phoiblí a chur i dtoll a cheile don Chathair agus don Chontae.

Straitéisí Tacaíochta

- Idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus an Roinn Iompair i bpleanáil agus i dtabhairt faoi na cuspóirí sainaitheanta iompair do Chontae Chill Chainnigh.
- Feabhas a chur ar chaighdeán ghréasán bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta an chontae d'fhonn freastal ar na riachtanais reatha agus ionchasacha.
- Beartais a fhorbairt tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais éagsúla iompair an chontae.
- Rannpháirtíocht pobail a chur chun cinn i ndeisiú agus in uasghrádú bóithre áitiúla den dara grád.
- Pleananna bainistíochta tráchta a réiteach do na príomhbhailte sa Chontae agus soláthar a dhéanamh do chur i bhfeidhm na bpleananna sin.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun sábháilteacht tráchta a chur chun cinn, go háirithe trí dhíriú ar na comhaltaí óga sa phobal.
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chill Chainnigh a réiteach agus a chur i bhfeidhm a chuimsíonn an tréimhse 2014-2020.
- Aistriú chuig modhanna iompair atá inmharthana i dtaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn trí fheabhas agus fhorbairt a dhéanamh ar bhonneagar agus sheirbhísí do choisithe, rothaíochta agus iompair phoiblí.
- Oiriúnú a dhéanamh d'athrú aeráide agus do bháisteach mhéadaithe i bpleanáil agus cothabháil ghréasán bóithre an chontae.
- Roinnt acmhainní agus comhthiomsú fiontas a spreagadh i measc oibreoirí iompair na hearnála príobháidí.
- Breithniú a dhéanamh ar choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta laghdaithe carbóin nuair a bhíonn bonneagar nua bóithre á dhearadh agus i soláthar agus oibriú seirbhísí soilsithe phoiblí.
- Stoc droichid Chontae Chill Chainnigh a bhaineann le bóithre poiblí a choimeád agus a fheabhsú.

Seirbhísí Uisce

Croíchuspóirí

Uisce Poiblí agus Fuíolluisce:

Trí oibriú i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, forálacha Chomhaontú Leibhéal na Seirbhíse a chur i bhfeidhm, lenar comhaontaíodh idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Uisce Éireann.

Uisce Tuaithe:

Seirbhísí ardchaighdeáin uisce agus fuíolluisce a bhaint amach do mhuintir thuath Chontae Chill Chainnigh tríd an gcistiú atá ar fáil don earnáil Uisce Tuaithe sa Chontae a uasmhéadú agus a leithdháileadh go héifeachtach.

Straitéisí Tacaíochta

- A chinntiú go soláthraíonn na Pleananna Bliantúla Seirbhíse lenar comhaontaíodh idir Uisce Éireann agus Comhair Chontae Chill Chainnigh dóthain maoiniú agus pearsanra chun seirbhís ardchaighdeáin uisce agus fuíolluisce ar fud an Chontae.
- Na buiséid a úsáid a soláthraíodh do sheirbhísí uisce ar an mbealach a dhéanann an freastal is fearr ar mhuintir Chill Chainnigh.
- Cabhrú le hUisce Éireann chun pleananna a chur i bhfeidhm faoina gClár Infheistíochta Caipítíl.
- Cabhrú le hUisce Éireann i mbonneagar seirbhísí uisce a sholáthar a thacaíonn le forbairt gheilleagrach i gContae Chill Chainnigh.
- Caomhnú uisce agus úsáid uasta éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn.
- Cabhrú le hUisce Éireann chun úsáid fuinnimh a íoslaghú i seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sheachadadh.
- Cabhrú le hUisce Éireann chun tabhairt faoin méid a leanas chun Rialacháin, Treoirlínte agus dea-chleachtas Náisiúnta a chomhlíonadh:
 - Monatóireacht a dhéanamh ar uisce óil, uisce dromchla, fuíolluisce etc. chun comhlíonadh na rialachán cuí a chinntiú.
 - An prótacal um cháilíocht uisce óil a bhreisfhorbairt agus a chomhlíonadh, lenar comhaontaíodh idir an Chomhairle agus FSS.
 - Pleananna Sábháilteachta Uisce a réiteach agus a fhorbairt do gach crios soláthair uisce.
 - An PFTUÓ (Plean Freagartha Teagmhas Uisce Óil) a choimeád agus a uasghrádú, atá bunaithe cheana féin ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.
 - Torthaí uisce agus fuíolluisce a thuirisciú don GCC agus don phobal ar bhealach trédhearcach tráthúil.
- Gníomhú i gcomhpháirtíocht le hEarnáil an Ghrúpa agus chun cumas Chlár Uisce Tuaithe na Roinne a uasmhéadú, dá bharr, chun breis feabhais a chur ar áiseanna uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe an Chontae agus na háiseanna sin a choimeád.
- Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe Chomhairle Contae Chill Chainnigh a chur ar an eolas agus faisnéis a thabhairt dóibh agus beartais an choiste sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Gníomhú i gcumas Údarás Seirbhísí Uisce do na hearnálacha Grúpuisce agus Grúpphuíolluisce, chun cabhrú, maoirsiú, rialáil agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na hearnálacha seo.

Leathanbhanda:

Croíchuspóir

Comhoibriú le tionscnaimh an Rialtais chun an cumas chun nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an chontae a uasmhéadú.

Straitéisí Tacaíochta

- Oibriú leis an aonán seirbhísí bainistithe, e|net chun an úsáid a bhaintear as Líonraí Achar Cathrach (MANanna) i gCill Chainnigh agus i mBaile Mhic Andáin a uasmhéadú.
- Leagan duchtaithe a éascú, san áit ar féidir, le haghaidh leathanbhanda ar thionscadail bhonneagair nua.
- A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag ár mbonneagar TF agus ár bhfoireann chun cumas leathanbhanda agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn a uasmhéadú ar mhaithe leis na hÚdaráis Áitiúla agus an Contae ina iomláine.

Pleanáil Éigeandála

Croíchuspóir:

Mórchumas freagartha éigeandála a réiteach ar aon dul leis an gCreatlach d'fhoilsiú Bainistíochta Móréigeandála.

Straitéisí Tacaíochta:

- Plean Móréigeandála a chur i dtoll a chéile (agus a nuashonrú nuair is gá) ar aon dul leis an *gCreatlach um Bainistíocht Móréigeandála* lenar comhaontaíodh go náisiúnta. An Plean Móréigeandála a thástáil le Cleachtadh Móréigeandála.

Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh

Croíchuspóir

Na hacmhainní atá ar fáil dúinn a úsáid agus oibriú as lámh a chéile ar mhaithe le Cill Chainnigh níos sábháilte a bhaint amach.

Straitéisí Tacaíochta

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun saoránaigh a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu ar conas riosca dóiteán agus éigeandálaí eile a laghdú.
- Dul i gcion agus rialáil a dhéanamh ar an timpeallacht thógtha chun daoine, maoin agus an comhshaol a chosaint ó dhíobháil.
- Pleanáil agus réiteach a dhéanamh le haghaidh éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú, agus freagairt ardchaighdeán, éifeachtach agus athléimneach a thabhairt dóibh.

- Oibriú le chéile chun na seirbhísí is airde caighdeán a sholáthar laistigh de thimpeallacht shábháilte agus dhearfach do chách san eagraíocht.

Pleanáil agus Forbairt Inmharthana

Croíchuspóirí

Forbairt chothromaithe inmharthana a bhaint amach agus cosaint thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an chontae a éascú ar mhaithe leis an méid a leanas a chinntiú

- bonneagar feabhsaithe fisiciúil agus socheacnamaíoch,
- cáilíocht fheabhsaithe beatha do chónaitheoirí an Chontae agus,
- bonn daingean geilleagrach ar a soláthrófar fostaíocht áitiúil inmharthana i láithreacha tuaithe agus uirbeacha ar fud an chontae.

Straitéisí Tacaíochta

- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar phleananna agus beartais chun freagairt sholúbtha ar riachtanais athraitheach an chontae a chinntiú agus chun soláthar a dhéanamh do phleanáil straitéiseach an mhéid a leanas:
 - Contae Chill Chainnigh
 - Cathair agus Purláin Chill Chainnigh mar Mhol sainithe
 - Tairseach Phort Láirge á cur chun cinn ag Port an Chalaigh/Belview
- Pleanáil agus soláthar a dhéanamh ar mhaithe le comharsanachtaí inmharthana a fhorbairt
- An timpeallacht thógtha agus nádúrtha a chosaint le beartais agus cleachtais chun a gcaomhnú agus a gcosaint a chinntiú.
- Seirbhísí éifeachtach agus éifeachtúil pleanála ardchaighdeán a sholáthar a chuimsíonn comhairliúcháin réamhphleanála, measúnú pleanála, cinní a dhéanamh agus próisis forfheidhmithe.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm gach Plean agus Treoirlíne Náisiúnta agus Réigiúnaí.

Cosaint an Chomhshaoil

Croíchuspóir

Comhshaoil Chontae Chill Chainnigh a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach inmharthana ar mhaithe leis an nglúin reatha agus amach anseo.

Straitéisí Tacaíochta

- **Ginearálta**
 - Cuspóirí ábhartha AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla comhshaoil a chur in iúl don phobal agus chun rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn.

- Cónascadh éifeachtach na n-iarfheidhmeanna ábhartha uirbeacha isteach sa Rannóg Comhshaoil a chinntiú.
 - Comhoibriú le forbairt agus oibriú comhsheirbhísí sna limistéir a leanas: bailiú dramhaíola, forfheidhmiú dramhaíola, soláthar seirbhís tréidliachta agus limistéir eile a d'fhéadfaí a fhorbairt go náisiúnta thar shaolré an Phlean.
- **Cáilíocht Uisce**
 - Forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantraí a éascú, i gcomhoibriú leis an GCC agus leis an bPríomh-Údarás Áitiúil.
 - Cosaint oiriúnach foinse a bhaint amach, ar mhaithe le sláinte an phobail, le haghaidh soláthairtí uisce óil agus chun comhoibriú le Soláthairtí Grúpuisce san fhorbairt a dhéanann siad ar bhearta oiriúnacha cosanta foinse.
- **Éifeachtúlacht Fuinnimh**
 - Soláthar Plean eagraíochtúil Gníomhaíochta Bainistíochta Fuinneamh a chomhordú tríd an bpróiseas PGB Fuinnimh.
 - Cistiú a fhoinsiú le haghaidh na dtionscadal ábhartha.
- **Bainistíocht Dramhaíola**
 - Páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an Chomhphlean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt.
 - Caighdeán chomhshaoil a chur i bhfeidhm.
 - Seirbhís uirbeach glanta sráide a sholáthar.
- **Oideachas agus Feasacht**
 - Clár phobail a fhorbairt chun cuspóirí comhshaoil a éascú.
 - Feasacht ar oideachas comhshaoil a chur chun cinn.
- **Cosaint Tomhaltóirí**
 - Bearta cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm i gcomhoibriú le hÚdarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann.

An Pobal agus an Cultúr

Croíchuspóirí

Tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, chun oibriú i dtreo forbairt, comhordú agus cur i bhfeidhm cur chuige chomhtháitigh agus comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail.

Meicníochtaí a chur i bhfeidhm trína spreagfar saoránaigh agus pobail agus trína dtacófar leo chun páirt a ghlacadh i bpróiseas déanta cinntí an Údaráis Áitiúil.

Ceannaireacht agus rannpháirtíocht chathartha a chur chun cinn agus a chothú ar fud earnálacha an phobail, an chultúir, na n-ealaíon, na hoidhreachta agus caitheamh aimsire.

Straitéisí Tacaíochta

Forbairt agus Cuimsiú an Phobail

- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a éascú agus tacú leis go gníomhach i réiteach, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh ar ghné phobail an Phlean Áitiúil Gheilleagraigh agus Pobail 6 bliana do Chill Chainnigh.
- Comhordú, bainistíocht agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cláir forbartha áitiúla agus pobail a d'fhaomh Comhairle Contae Chill Chainnigh nó a faomhadh trí chomhaontú idir an LCDC agus údarás ábhartha poiblí (e.g. roinn rialtais, gníomhaireacht Stáit etc.)
- Comhordú cláir forbartha áitiúla agus pobail atá cistithe go poiblí a fheabhsú agus dúbailt a laghdú.
- Na cláir forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, go ginearálta, laistigh de limistéar oibríochtúil an LCDC.
- Tacú le forbairt Líonra tréan cuimsitheach Rannpháirtíochta Poiblí i gCill Chainnigh lena chinntiú go bhfuil ar chumas na nEarnálacha Cuimsithe Shóisialta, Pobail agus Comhshaoil i gContae Chill Chainnigh chun a chur in iúl agus glór a thabhairt do réimse fairsing tuairimí, saincheisteanna agus leasa laistigh den chóras rialtais áitiúil.
- Rannpháirtíocht agus eagrú an phobail a chur chun cinn go gníomhach atá dírithe ar fheabhsúcháin luachacha a bhaint amach ar cháilíocht beatha, cáilíocht seirbhísí agus cáilíocht an chomhshaoil do ghrúpaí in-sainaitheanta, ar nós leanaí agus daoine óga, grúpaí eitneacha, daoine aosta agus an lucht siúil.
- Comhpháirtíochtaí oibre a chruthú go himmheánach mar aon le soláthraithe seirbhíse, gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun freagairtí comhtháite a fhorbairt do shaincheisteanna sainaitheanta geilleagracha agus sóisialta.

Na hEalaíona:

- Straitéis do na hEalaíona a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíocht ealaíonta a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a mhúscailt agus a chumasú ar fud na cathrach agus an chontae. Na healaíona a chur chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách, ag oibriú chun suíomh Chill Chainnigh a bhreistreisiú mar ionad sármhaitheasa do na healaíona agus timpeallacht rathúil agus rathúnais a chinntiú laistigh den réigiún.

Spórt agus Caitheamh Aimsire:

- An próiseas a threorú i bpleanáil agus forbairt áiseanna agus gníomhaíochtaí spóirt, caitheamh aimsire, súgartha agus fóntais ar mhaithe le húsáid thaitneamhach agus chuiditheach a bhaint as am fóillíochta, i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chill Chainnigh agus le gníomhaireachtaí agus grúpaí ábhartha eile.
- Athbhreithniú agus leasú a dhéanamh, de réir mar a mheastar gur cuí, ar Phlean um Chur i bhFeidhm agus Beartas Súgartha Chontae Chill Chainnigh 2007-2012.

Oidhreacht:

- Comhairle agus faisnéis a sholáthar ar shaincheisteanna oidhreachta; beartais agus tosaíochtaí le haghaidh sainaitheant, cosaint, caomhnú agus feabhsú oidhreachta Chill Chainnigh a fhorbairt; sonraí oidhreachta a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile agus feasacht agus oideachas oidhreachta a chur chun cinn ar fud an chontae.
- Oibriú le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh maidir le réiteach agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae agus an Phlean Bithéagsúlachta Contae, a chistítear i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta.

Seirbhísí Leabharlainne

Croíchuspóir

“Leanúint agus bheith mar phríomhacmhainn i bpobail áitiúla, agus réimse fairsing seirbhísí a sholáthar chun freastal ar éagsúlacht riachtanas i bhfaisnéis, foghlaim, litearthacht, scileanna fostaíochta, gnó agus fóillíocht.”

Straitéisí Tacaíochta

- Fáil a bheith againn ar an gclár forbartha caipitil, faoi réir na n-acmhainní, chun bonneagar leabharlainne a fhorbairt.
- Comhpháirtíochtaí agus líonraí ar fud an phobail a thógáil go réamhghníomhach, chun freastal ar an lucht féachana is fairsinge is féidir.
- Seirbhísí agus éifeachtúlacht fheabhsaithe a sholáthar trí chomhoibriú agus roinnt acmhainní le húdaráis agus eagraíochtaí eile leabharlainne.
- Leanúint le TF a úsáid mar uirlis chun feabhas agus barr feabhais a chur ar sheirbhísí leabharlainne, lena n-áirítear cumarsáid, inrochtaineacht agus roinnt faisnéise, úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus iad a chuimsiú, sa chás gurb indéanta agus gur cuí.
- Seirbhísí agus bailiúcháin leabharlainne a shuíomh go straitéiseach chun riachtanais phobail agus daoine aonair a léiriú, agus an tseirbhís atá ar fáil a fhairsingiú, sa chás gurb indéanta.
- Clár bliantúil struchtúrtha cultúrtha a sholáthar, a chuimsíonn imeachtaí ar fud an líonra leabharlainne:
- Straitéis réamhghníomhach margaíochta a fhorbairt agus chun bheith mar chuid de straitéis náisiúnta um chur chun cinn do leabharlanna.

Bainistíocht Riosca Croíchuspóir

Tacú leis an eagraíocht i dtabhairt faoina gcuspóirí trí na rioscaí gaolmhara a sainaithníodh a íoslaghdú agus trí threoir agus dearbhú a sholáthar dá réir agus é ina chuspóir chun drochrioscaí a aimsiú.

Straitéisí Tacaíochta

- Feidhm neamhspleách bhreithmheasa a oibriú chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialáil inmheánach mar rannpháirtíocht le húsáid cheart gheilleagraic éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní.
- Próiseas measúnaithe riosca ar mhaithe le sainaithint leanúnach bagairtí inmheánacha agus seachtracha atá roimh an eagraíocht agus córas rialaithe freagartha a oibriú chun na bagairtí seo a bhainistiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí na Comhairle agus a chinntiú go mbaintear Luach ar Airgead amach, agus ríthábhacht a bheith bainteach le hoscailteacht, freagracht, agus ionracas, i gcomhthráth, i dtaobh seirbhís ardchaighdeán a sholáthar.

Soláthar

Croíchuspóir

Earraí agus seirbhísí a cheannach agus a sholáthar a chur chun cinn níos mó ar bhealach níos costéifeachtúla agus chun tabhairt faoi bheartas de sholáthar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar fud na heagraíochta.

Straitéisí Tacaíochta

- Leanúint agus coigilteas a lorg i soláthar earraí agus seirbhísí go háitiúil agus trí aon chur chuige comhoibritheach sa Rialtas Áitiúil agus in Earnálacha níos fairsinge Rialtais.
- A chur san áireamh i gconarthaí agus i gcáipéisí tacaíochta sonraíochtaí a bhaineann le hastuithe carbóin a laghdú.

- Leanúint le beartais soláthair reatha agus amach anseo a scrúdú.

Sláinte agus Sábháilteacht

Croíchuspóir

- Sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú d'fhonn gortuithe agus breoiteacht ghairme fostaithe agus iad siúd a n-imríonn aon ghníomhaíochtaí d'obair na comhairle tionchar orthu a sheachaint.

Straitéisí Tacaíochta

- A chinntiú go gcomhlíonann an chomhairle gach Reachtaíocht Sábháilteachta agus ceanglais ghaolmhara eile reachtúla.
- Ceanglais na bPleananna Gníomhaíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm.
- An Plean Bliantúil Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm.

Cumas agus Acmhainní Inmheánacha

Shainnithin Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh na hacmhainní Airgeadais, Daonna agus Teicneolaíochta Faisnéise agus tá siad tiomanta do na hacmhainní siúd a sholáthar a theastaíonn chun na cuspóirí agus na straitéisí a dtugtar breac-chuntas orthu sa phlean seo a réadú.

Airgeadas

Bainfidh buntábhacht lenár gcumas chun airgeadas agus gníomhaíocht gheilleagrach a chruthú i dtaobh réadú na gcuspóirí corparáideacha. Tá an Straitéis Forbartha Geilleagraí á nuashonrú agus é ina bhunchuspóir chun tacú le gnó agus le deiseanna spreagúla infheistíochta a éascóidh infheistíocht sprioctha airgeadais isteach sa chontae.

Gníomhaíocht leantach is ea bainistíocht straitéiseach ár sócmhainní, a chuirfidh ar chumas na heagraíochta chun na cuspóirí sa phlean a chur chun cinn.

Réiteofar buiséid amach anseo agus aird ar leith ar chuspóirí an phlean seo. Leanann athbhreithnithe agus iniúchtaí ar luach ar airgead bheith mar bhonn agus taca leis an bpróiseas seo. Tá aonad bailithe fiachais i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus tabharfar faoi athbhreithnithe ar ioncam a fhaightear ar bhonn míosúil.

Imríonn tosca seachtracha mórtionchar ar chumas Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh chun ár gcuspóirí uile a réadú. Cruthóidh an cás geilleagrach atá ag dul i mbun feabhais breis ioncaim sna blianta amach romhainn. Déanfar measúnuithe rialta ar chláir chaiteachais in Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh. Soláthróidh na forbairtí seo bonn níos cóimheasta agus níos feasaí ar a ndéanfar cinntí chun na hacmhainní ganna atá ar fáil a letihdháileadh chun cuspóirí a bhaint amach.

Acmhainní Daonna

Is gá dúinn cur leis an méid a bhain comhsheachadadh seirbhísí amach. Tá cur chuige solúbtha againn i leith úsáid na foirne ionas go mbíonn acmhainní dóthanacha ar fáil ar bhonn fud fad na tíre. Dúshlán nach beag is ea an lánchosc reatha ar earcú, agus is ríthábhachtach go bhfuil de chumas ar acmhainn dhaonna na Comhairle chun na dúshláin seo a bhaint amach i bhforbairt a mbeartas. In ainneoin ganntanais reatha, ní mór dul i ngleic go leordhóthanach le hardmhianta, riachtanais oiliúna agus forbartha gairme na foirne ionas go mbíonn scileanna agus eolas a fháil ar aon dul lenár straitéisí gnó agus ár gcuspóirí corparáideacha.


Díreoidh forbairt ár n-acmhainní daonna ar fheabhsú éifeachtúlacht agus feidhmíocht fostaithe agus ar fhorbairt na foirne trí chur i bhfeidhm chóras bainistíochta feidhmíochta, breithmheasa agus forbartha agus chreatlach inniúlachta na Comhairle. Beidh foráil ann sna buiséid bhliantúla i dtreo fhorbairt agus oiliúint leanúnach na foirne, agus tabharfar tús áite speisialta do na ceanglais riachtanacha Sláinte agus Sábháilteachta a bhaint amach a leagtar amach sa reachtaíocht agus na riachtanais siúd a shainaithnítear tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Foirne.

Teicneolaíocht Faisnéise

D'aithin an Chomhairle an gá a bhí le faisnéis ábhartha a sholáthar ar bhealach tráthúil a thacaíonn le seachadadh éifeachtach seirbhíse agus cinntí feasacha a dhéanamh ag comhaltaí, an bhainistíocht agus an fhoireann. Leanfaidh an Chomhairle le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun cabhrú le cur i bhfeidhm spriocanna agus chuspóirí na Comhairle agus déanfaidh siad a gcórais a nuachóiriú, sa chás go dteastaíonn. Leanfaidh an Chomhairle le córais roinnte teicneolaíocht faisnéise a chur i bhfeidhm agus comhoibriú leo. Leanfaidh an Chomhairle lena gcustaiméirí a spreagadh chun tabhairt faoi ríomhghnó a úsáid.

Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

Agus scrúdú á dhéanamh ar ár gcomhthéacs eagraíochtúil, aithnímid go n-oibrímid i dtimpeallacht iltoiseach. Tá tosca inmheánacha agus seachtracha araon ann ar gá dúinn machnamh a dhéanamh orthu agus an plean seo á chur i bhfeidhm agus ár gcroíchuspóirí á réadú.



Timpeallacht Sheachtrach

Náisiúnta agus AE:

Oibríonn an Rialtas Áitiúil i dtimpeallacht ardrialaithe. Déanann Treoracha, Achtanna an Oireachtais, Rialacháin, Treoirlínte agus Ciorcláin ár n-oibríochtaí laethúla a shainiú. Is í an reachtaíocht coimirce na ndaoine. Soláthraíonn an reachtaíocht an córas ráthaíochtaí a chosnaíonn daoine. Leagann an reachtaíocht srian ar an gComhairle. Ar an gcuma chéanna, soláthraíonn an dlí na deiseanna chun ár gContae a fhorbairt ar mhaithe le hardleas mhuintir Chill Chainnigh. Déanann an tOireachtas, agus go háirithe na Ranna Comhshaoil, Pobail, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Iompair, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Airgeadais agus Post agus Fiontar, tionchar a imirt ar go leor dár mbeartais agus gníomhaíochtaí. Tugadh isteach comhaontuithe pá agus táirgiúlachta náisiúnta agus áitiúla atá nasctha le córais bhainistíochta feidhmíochta chun éifeachtúlacht a chinntiú i soláthar seirbhísí poiblí do Mhuintir Chill Chainnigh. Is é ár dtasc chun a chinntiú go n-oibríonn Contae Chill Chainnigh laistigh de reacht agus freisin go mbaineann sé gach rud amach is féidir dá mhuintir.

Réigiúnach:

Tá réigiúnachas mar bhonn agus taca le príonsabal na coimhdeachta. Seo bunléiriú ar luach na bpobal áitiúil laistigh den chorp níos mó sin arb é an Stát Náisiúnta agus an tAontas Eorpach. Is léir gurb ar an duine aonair féin a leagtar an bhéim mar an bhunchloch le haghaidh ár n-institiúidí uile. Éascaíonn ar nÚdaráis Réigiúnacha léiriú na luachanna seo. Cuirimid le beartas réigiúnach agus cloímid leis na teimpléid chomhaontaithe, ansin, le haghaidh ratha agus rathúnais. Cruthaíonn pleananna agus beartais réigiúnacha go leor dár n-obair chomhoibrítheach le húdaráis áitiúla eile sa réigiún, ról an Údaráis Réigiúnaigh san áireamh. Tá ról tábhachtach ag saincheisteanna ar nós Pleanáil Spásúil agus Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí i gcinneadh a dhéanamh ar bheartas agus cleachtas amach anseo.

Áitiúil:

Tá daoine ag an gcroílár i dtaobh bhuarthaí an Rialtais Áitiúil. Léiríonn pobail áitiúla ar fud Chontae Chill Chainnigh réadúlacht na himharthanachta sóisialta. Tá daonra Chill Chainnigh mór a dhóthain le struchtúr beo socheacnamaíoch a choimeád. Anuas air sin, tá an mhais chriticiúil ann chun comhtháthú sóisialta agus meanma thréan phobail a chinntiú. Soláthraíonn na Comhaltaí Tofa, le tacaíocht ó fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh na fóraim riachtanacha le haghaidh forbairt agus cur i bhfeidhm beartas áitiúil.

Anuas air sin, imríonn déimeagrafaic, éilimh athraitheacha agus geilleagar atá i mbun athshlánú agus atá i bhfad níos dinimiciúla, mar aon le teicneolaíocht faisnéise atá ag athrú, tionchar ar conas a thugtar faoi ghnó. Timpeallacht ar a bhfuil síorathrú ag teacht is ea an comhthéacs sóisialta, cultúrtha, polaitiúil agus geilleagrach nach mór dúinn oiriúnú a dhéanamh di d'fhonn go réadófar ár gcur chuige atá dírithe ar dhaoine agus ár dtiomantas d'fhorbairt inmharthana.

Inár gcuid iarrachtaí chun seachadadh seirbhísí a chomhordú, tugtar faoi go leor dár n-obair i gcomhoibriú agus i gcomhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí eile. Tá sraith pleananna agus straitéisí áitiúla ann a ndearnadh breithniú orthu nuair a bhí an Plean Corparáideach á fhorbairt chun comhréir a chruthú ar leibhéal áitiúil.

Baineann na beartais Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla, agus na bearta reachtaíochta a leanas le hábhar:

- **An Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN)** ina leagtar amach beartas an Rialtais maidir le forbairt chothromaithe réigiúnach a bhaint amach thar amfhráma fiche bliain a fhad le 2020. Tá Cill Chainnigh mar chuid de Réigiún an Oirdheiscirt a shainaithnítear le haghaidh “atreisiú” agus “treisiú”. Sainaithnítear Port Láirge mar an Tairseach don réigiún agus gníomhóidh Cill Chainnigh agus Loch Garman mar Mhoil a thacóidh le ról náisiúnta agus idirnáisiúnta tairseach agus, ar a uain sin, a fhuinnmheoidh bailte agus ceantair thuaithe níos lú laistigh dá limistéar tionchair. D’fhógair an Rialtas go ndéanfar athbhreithniú ar an SSN i bhFeabhra 2013 agus

déanfar monatóireacht ar impleachtaí an athbhreithnithe sin agus déanfar leasuithe ar cháipéisí ábhartha beartais na Comhairle nuair a fhoilseofar an t-athbhreithniú.

- **Treoirlínte Pleanála Réigiún an Oirdheiscirt**, a dhéanann fairsingiú ar an Straitéis Spáis Náisiúnta agus a shainaithníonn tosaíochtaí ríthábhachtacha cumasaithe infheistíochta don réigiún. Tá na Treoirlínte in ainm is cothromaíocht spásúil níos fearr a bhaint amach i dtaobh forbairt shóisialta, gheilleagrach agus fhisiciúil ar fud an réigiúin. Bunaíodh típeolaíocht lonnaíochta a shainaithin sé aicmiú d'ionaid uirbeacha bunaithe ar mhéid agus feidhm.
- **Staidéar Phort Láirge ar Iompar, Úsáid Talún agus Pleanáil (PLUTS)** ina leagtar amach straitéis ag a bhfuil de chuspóir treoir a sholáthar maidir le scála agus láthair ginearálta an bhorrtha i gCathair Phort Láirge ionas gur féidir an Chathair agus a purláin a fhorbairt ar bhealach cothromaithe, inmharthana, mealltach agus ar bhealach nach ndéanfaidh díobháil d'iompar chun ardcháilíocht beatha agus deiseanna do gach saoránach a sholáthar sna chéad 20 bliain amach romhainn.
- Leagtar amach i bPlean **Abhantraí an Oirdheiscirt** straitéis le haghaidh na gcontaetha laistigh den réigiún chun a ndualgais dhlíthiúla a bhaint amach chun dea-stádas, ar a laghad, a bhaint amach le haghaidh uiscí faoi 2015. Beidh dúshláin shuntasacha roimh Chill Chainnigh más féidir leo an plean seo a fhíorú, go háirithe i limistéar comhlíonta riachtanais trasbheartais agus riachtanais infheistíochta chun na cuspóirí a luaitear sa Phlean a bhaint amach. Cuirfear na pleananna deiridh faoi bhráid Comhaltaí lena nglacadh sna míonna amach romhainn agus cuimseofar iontu sonraí faoi Bhrúnna, Stádas Uiscí, Cuspóirí agus Bearta.
- **Creatlach Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide** – soláthraíonn an Creatlach Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide díriú straitéiseach ar bheartas lena chinntiú go ndéantar bearta oiriúnaithe ar fud earnálacha agus leibhéil éagsúla den rialtas chun leochaileacht na hÉireann do thionchar diúltach an athraithe aeráide a laghdú. Déanann sí soláthar do dhul i ngleic le hoiriúnú d'athrú aeráide ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Faoi mar a leagtar amach i bPlean Forbartha Contae 2014-2020, cuspóir na Comhairle is ea é chun plean Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide a réiteach don Chontae. Bhí aird ag an gComhairle ar an gCreatlach Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide maidir leis an bplean forbartha a fhrámú agus lorg siad cheana féin chun bearta pleanála agus forbartha a thabhairt isteach sa chur chuige foriomlán i leith oiriúnú d'athrú aeráide, mar shampla, trína chinntiú go sainaithnítear rioscaí tuile agus go gcomhcheanglaítear iad isteach sa phróiseas pleanála. Aithníonn an t-údarás áitiúil go mbaineann ríthábhacht le cur chuige réamhghníomhach, ina gcomhcheanglaítear na dúshláin a chruthaíonn athrú aeráide isteach i bhforbairt beartas, pleananna agus clár.
- **Treoirlínte agus Treoracha ó Airí**, lena n-áirítear iad siúd maidir le Straitéisí Tithíochta, Pleanáil Miondíola, Áiseanna Cúram Leanaí, Pleananna Forbartha, Dlús Cónaithe, Caomhnú Ailtireachta, Tírdhreacha, Tithíocht Inmharthana Tuaithe, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Oiriúnach, agus Praghsáil Uisce. Beidh aird ag an gComhairle ar gach leasú amach anseo agus ar na Treoirlínte nua a fhoilseofar le linn thréimhse an phlean agus éagsúlóidh siad an Plean, de réir mar is cuí, agus iad ag tabhairt faoina gcuid cláir oibre.
- **Beartais agus Treoirlínte an AE** a leagann brúnna níos mó ar údaráis áitiúla chun na caighdeáin Chomhshaoil a chomhlíonadh, go háirithe i limistéir an Uisce agus na Cosanta Comhshaoil.

- **Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach Chill Chainnigh 2014-2020** – Soláthraíonn Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach Chill Chainnigh an chreatlach d’fhorbairt cheart pleanála agus inmharthana an chontae. Tá an t-éiteas a bhaineann le réiteach na bPleananna Forbartha, ó chéim an chomhairliúcháin phoiblí a fhad le foirmlíú an bheartais agus na gcuspóirí sna Pleananna bunaithe ar ráiteas misin na Comhairle. Glacadh le Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach Chill Chainnigh 2014-2020 in Aibreán agus Bealtaine 2014, faoi seach, tar éis dhá bhliain a chaitheamh i mbun comhairliúcháin agus díospóireachta agus cuimsítear iontu an chreatlach bheartas pleanála chun forbairt an Chontae agus na Cathrach a threorú go dtí tráth luath in 2020. Leag na pleananna Forbartha béim ar leith ar bhorradh geilleagrach agus ar chruthú fostaíochta trí chúig earnáil shainaitheanta d’oideachas tríú agus ceathrú leibhéal: Agraibhia, forbairtí Seirbhísí, Turasóireacht, na hEalaíona agus na hEolaíochtaí Fóillíochta agus Beatha, agus an comhshaol agus an oidhreacht á gcosaint, i gcomhthráth, lena chur ar chumas an chontae tabhairt faoi bhorradh inmharthana geilleagrach agus fostaíocht.
- Déanann **comhlíonadh ceanglas reachtúil** breis freagrachtaí agus dúshláin a chur roimh údaráis áitiúla. Nuair a bhítear ag tabhairt faoi chláir oibre, is gá aird a thabhairt ar riachtanais dhiana Sláinte agus Sábháilteachta. Anuas air sin, tá orainn bheith freagrach do thríú páirtithe, ar nós an GCC, a cheanglaíonn orainn go gcomhlíonaimid na caighdeáin a leagtar amach ar leibhéal Náisiúnta agus AE.
- **An cás geilleagrach náisiúnta agus idirnáisiúnta** a imríonn tionchar ar bheartas an Rialtais Láir, na cistí atá ar fáil ag údaráis áitiúla trí Chiste an Rialtais Láir agus foinsí áitiúla ioncaim. Sa mhullach air sin, teastaíonn athdhíriú ó na deacrachtaí reatha chun tús áite a thabhairt do sheirbhísí ríthábhachtacha agus leagann siad breis brú ar na hacmhainní a theastaíonn (acmhainní airgeadais agus daonna araon) chun freagairt do riachtanas sóisialta.

An Timpeallacht Inmheánach

Tá Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach á chur i bhfeidhm ag an gComhairle ar tugadh éifeacht reachtaíochta dó san Acht Rialtais Áitiúil, 2014.

Tá an Plean Gníomhaíochta mar an treoirphlean le haghaidh feabhsú daonlathach agus atreisiúnn sé an Rialtas Áitiúil mar an mbunbhealach chun seirbhís phoiblí a sholáthar ar leibhéal poiblí a bhaineann leas as tiomantas na gcomhaltaí agus na n-oifigeach tofa agus a thacaíonn leo fad a dhéanann siad feabhas a chur ar dhaonlathas áitiúil, freastal níos fearr ar an gcustaiméir, bheith níos freagrúla, agus éifeachtúlacht a lorg agus seirbhísí ar luach maith a sholáthar.

Tá an líon bearta polaitiúla, bainistiúla agus soláthair foirne a leanas i bhfeidhm ag an gComhairle chun cabhrú leo a sainchúram a chomhlíonadh:

Chruthaigh **an Grúpa Beartais Chorparáidigh** gur fóram dearfach iad chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscnaimh bheartais arna nglacadh, mar aon le gnó Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Chruthaigh **na Coistí Beartais Straitéisigh** ollchumas chun feabhas a chur ar ról comhaltaí tofa agus an phobail níos fairsinge agus beartas á fhorbairt.

Na Ceantair Bhargasacha a sholáthraíonn fóram le haghaidh comhaltaí tofa chun dul i ngleic le riachtanais ina dToghcheantair féin.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Chainnigh a sholáthraíonn príomhfhreagracht as maoirsiú, comhordú agus pleanáil a dhéanamh ar chistiú forbartha pobail agus áitiúla mar aon le cur i bhfeidhm cláir agus idirghabháil cláir forbartha pobail agus áitiúla.

Bhunaigh an Chomhairle **Coistí** chun dul i ngleic le limistéir shonracha riachtanais nó le saincheisteanna sonracha faoi mar a thagann siad chun solais.

Déanann **an Bainisteoir Contae** seirbhísí a sholáthar agus tabhairt faoi fheidhmeanna trí **Stiúrthóirí Seirbhíse** agus a bhfoireann ar a bhfuil freagrachtaí sonracha.

Tá feabhas tagtha, chomh maith, ar ár gcur chuige atá dírithe ar dhaoine ar aon dul le ról **na nOifigí Ceantair Áitiúil, na bpointí Seirbhísí do Chustaiméirí, na n-aonad gnó agus seachadadh seirbhísí ar líne.**

Thit **athstruchtúrú foirne** amach le deich mbliana anuas chun freastal ar na dúshláin a chruthaigh an cúlú geilleagrach agus an gá atá leis an mbille pá seirbhíse poiblí a laghdú. Teastaíonn breis athstruchtúrú anois chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, agus chun dul i ngleic le príomhleasuithe an Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deireadh a chur le Comhairle Buirge Chill Chainnigh, Ceantair Bhardasacha a bhunú, clár Comhsheirbhísí Earnálacha an Rialtais Áitiúil, príobháidiú roinnt seirbhísí agus na deacrachtaí a bhfuil na brúnna airgeadais ina n-údar leo ar an Eagraíocht.

Anuas air sin, forbraíodh clár oiliúna foirne lena chinntiú go bhfuil na scileanna ag an bhfoireann, go bhfuil siad spreagtha agus éifeachtach ina gcuid ról.

Tá córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta i bhfeidhm don fhoireann go léir de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus tá tograí ar lámh chun sraith inniúlachtaí a chur i bhfeidhm don fhoireann ar gach leibhéal.

Leanfaidh ár gcóras Faisnéise, Teicneolaíochta agus Cumarsáide le dul i mbun forbartha agus nuachóiriú d'fhonn freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus chun soláthar éifeachtúil seirbhísí a éascú.

Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Mar eagraíocht fhreagrach agus thrédhearcach, is gá feidhmíocht an údaráis áitiúil a thomhas i leith na gcuspóirí a leagtar amach sa Phlean Corparáideach. Tarlóidh seo ar bhonn minic agus struchtúrtha. Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do phróiseas leanúnach Pleanála agus Bainistíochta Straitéisí. Tá cur i bhfeidhm an phlean seo mar chuid den tiomantas sin. Beidh go leor tosca i gceist leis an gcur i bhfeidhm seo agus is é a bheidh ag ceartlár an chuir i bhfeidhm seo ná tiomantas na heagraíochta do bhainistíocht a dhéanamh ar thimpeallacht ar a bhfuil síorathrú ag teacht, ár gcumas inmheánach agus ár gcumas chun gannacmhainní a uasmhéadú.

Meicníochtaí chun Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú a Dhéanamh

Pleananna Cruinnithe seachadta seirbhíse

Réiteofar Pleananna Seachadta Seirbhíse i gcomhairliúchán le comhaltaí maidir le gach bliain airgeadais de chuid thréimhse an Phlean Chorporáidigh. Beidh an Buiséad Bliantúil mar phríomhthoisic i gcur chun cinn réiteach na bpleananna seachadta seirbhíse.

Pleananna Oibríochtúla (Gnó)

Réiteoidh gach rannóg ábhartha plean bliantúil oibríochtúil agus úsáidfidh an fhoireann go léir atá bainteach i seachadadh na seirbhíse ábhartha é mar fhoinsé pleanála, tuairiscithe agus faisnéise.

Táscairí Seirbhíse

Thug an tionscnamh táscairí seirbhíse a forbraíodh le haghaidh údaráis áitiúla sraith Príomhtháscairí Feidhmíochta isteach. Tá na táscairí seo ar fud réimse feidhmeanna na n-údaráis áitiúil. Cuirfidh na táscairí náisiúnta, mar aon le táscairí feidhmíochta áitiúla faisnéis ar fáil d'ábhar na bpleananna seachadta seirbhíse. Díritear táscairí ar thorthaí agus féadfaidh siad gníomhú mar chuailí eolais i dtreo bhaint amach iomlán chuspóirí an Phlean Chorporáidigh.

Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh

Faoi fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil, (Leasú), 2014, cuirfidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil mhíosúil faoi bhráid na Comhairle tofa. Cuimseoidh an Tuarascáil feidhmíocht na Comhairle i measc go leor limistéir sheirbhíse.

Tuarascáil Bhliantúil

Ceanglaíonn Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 go gcuireann an t-údarás áitiúil tuarascáil ar an bPlean Corparáideach faoi bhráid na Comhairle gach bliain. Tuairisceoidh Tuarascáil Bhliantúil Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh go sonrach ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh. Bainfear seo amach trí thuarascáil achomair a sholáthar ar dhul chun cinn a baineadh amach agus trí mheasúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm i leith na sraithe comhaontaithe táscairí feidhmíochta.

Grúpa Beartais Chorparáidigh

Déanfar tuairisciú rialta don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh ar an bPlean Corparáideach. Cinnteoidh seo go ndéanfar measúnacht agus athbhreithniú leanúnach. Deimhneoidh an Grúpa Beartais Chorparáidigh modh chun tabhairt faoi athbhreithniú neamhspleách meántearma ar an bPlean Corparáideach. Glacfar le bearta gnímh cheartaithigh mar fhreagairt don phróiseas athbhreithnithe agus measúnaithe.

Inlín / Eislín / Láithreán Gréasáin Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh

Meicníocht bhreise a bheidh i bhforbairt leanúnach Inlín / Eislín / Láithreán Gréasáin Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh chun cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an Phlean Chorparáidigh.



Cairt Chustaiméirí

Ár dTiomantas Duitse

Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar duit ar bhealach éifeachtach agus cineálta.

Cúirtéis agus Comaoin

Beidh tú, ag gach tráth, i dteideal go bhfreastalófar ort:

- Go mear agus ar bhealach cúirtéiseach
- Le meas á léiriú ar do phríobháideacht agus ar do rúndacht
- Ag foireann chabhrach

Oscailteacht agus Neamhchlaontacht

Tugaimid faoin méid a leanas a dhéanamh:

- Déileáil leat ar bhealach cothrom agus oscailte
- Aon ghné de do dhéileálacha linn a phlé
- A mhíniú conas a baineadh cinneadh amach

Rochtain

Tugaimid faoin méid a leanas a dhéanamh:

- Oifigí glana inrochtana poiblí a sholáthar
- Custaiméirí a éascú ar mian leo tabhairt faoina ngnó trí mheán na Gaeilge
- Rochtain a éascú do dhaoine atá faoi mhíchumas agus ag a bhfuil riachtanais speisialta

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar ár seirbhísí, nuair is gá.

Is Féidir Leat Cabhrú Linn Cabhrú Leat

- Trí fhaisnéis iomlán agus chruinn a sholáthar
- Trí sinn a chur ar an eolas nuair a dhéanaimid rud éigin go maith
- Trí thuairimí a nochtadh, gearáin nó moltaí a dhéanamh faoi na seirbhísí a fhaigheann tú

Tá Nós Imeachta Gearán i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chill Chainnigh do Chustaiméirí nach bhfuil sásta leis an gcaighdeán seirbhíse a fuair siad. Is féidir Cóip den chéanna a fháil

ag ár nDeasc do Chustaiméirí nó trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@kilkennycoco.ie Comhairle Contae Chill Chainnigh

Plean Gníomhaíochta Custaiméirí

Ina ndéileálacha leis an bpobal, tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do thabhairt faoi líon céimeanna tábhachtacha sa chéad chúpla bliain amach anseo chun feabhas a chur ar ár seirbhísí. Bainfidh roinnt díobh seo feabhsúcháin láithreacha amach ag pointí áirithe teagmhála, ar nós feabhsúchán ar theicneolaíocht faisnéise, feabhsúcháin ar oifigí poiblí agus caighdeán feabhsaithe na seirbhíse gutháin.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta don mhéid a leanas:-

Caighdeáin Ardcháilíochta Seirbhíse:

Cairt Chustaiméirí a fhoilsiú ina dtugtar breac-chuntas ar chineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis go bhfaighidh siad, agus í a thaispeáint in áit fheiceálach ag an bpointe seachadta seirbhíse.

Comhionannas/Éagsúlacht:

Na cearta do chaitheamh comhionann a chinntiú, a bhunaíonn an reachtaíocht chomhionannais, agus freastal ar éagsúlacht, d'fhonn cur le comhionannas do na grúpaí a chuimsíonn an reachtaíocht chomhionannais (faoi fhorais inscne, stádas pósta, stádas teaghlai, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cineál agus ballraíocht den Lucht Siúil).

Sainaitheint agus oibriú chun bacainní a shárú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí i measc daoine atá thíos le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta, agus dóibh siúd a bhfuil bacainní tíreolaíochta i leith seirbhísí sa mhullach orthu.

Rochtain Fhísiciúil:

Oifigí glana inrochtana poiblí a sholáthar a chinntíonn príobháideacht, a chomhlíonann na caighdeáin ghairme agus sábháilteachta agus, mar chuid de seo, a éascaíonn rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Faisnéis:

Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun faisnéis a sholáthar atá soiléir, tráthúil agus cruinn, agus atá ar fáil ag gach pointe teagmhála, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine ag a bhfuil riachtanais ar leith. A chinntiú go mbaintear úsáid iomlán as an gcumas a chuireann Teicneolaíocht Faisnéise ar fáil agus go leanann an fhaisnéis atá ar fáil ar láithreáin ghréasáin seirbhíse poiblí na treoirlínte ar fhoilsiú gréasáin.

Leanúint leis na hiarrachtaí chun rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga faisnéise agus nósanna imeachta a shimpliú.

Tráthúlacht agus Cúirtéis:

Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar le cúirtéis, íogaireacht agus leis an moill is lú is féidir, agus timpeallacht chomh-mheasa á cothú idir an soláthraí agus an custaiméir. Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid le héascaíocht idirbheart a chinntiú.

Gearáin:

Córas dea-phoiblithe, inrochtana, trédhearcach agus simplí le húsáid a choimeád chun déileáil le gearáin faoi cháilíocht na seirbhíse a soláthraíodh.

Achomhairc:

Ar an gcuma chéanna, córas a ndearnadh córas foirmiúil as, atá dea-phoiblithe, inrochtana, trédhearcach agus d'achomharc/athbhreithniú atá éasca le húsáid a choimeád do chustaiméirí nach bhfuil sásta le cinntí a rinneadh maidir le seirbhísí.

Comhairliúchán agus Measúnú:

Cur chuige struchtúrtha a sholáthar i leith comhairliúchán bríoch leis an gcustaiméir, agus rannpháirtíocht ag an gcustaiméir, maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú ar sheirbhísí. Measúnú bríoch a chinntiú ar sheachadadh seirbhíse.

Rogha:

Réimse roghanna a sholáthar, sa chás gurb fhéidir, i seachadadh seirbhíse. Na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn a úsáid leis an rochtain agus an rogha, agus cáilíocht uasta an tseachadta a chinntiú.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla:

Seirbhísí ardchaighdeán trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach a sholáthar agus custaiméirí a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a roghnú go ndéileálfar leo trí cheann amháin den dá theanga oifigiúil.

Comhordú Níos Fearr:

Cur chuige níos comhordaithe agus comhtháite a chothú i leith seirbhísí poiblí a sheachadadh.

Custaiméir Inmheánach:

A chinntiú go n-aithnítear an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtacaítear leo agus go dtéitear i gcomhairle leo i gceart maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do phrionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí a d'fhaomh an rialtas agus thug siad an Plean Gníomhaíochta seo isteach ina leagtar amach conas a chuirfimid na prionsabail seo i bhfeidhm agus a bhainfimid ár spriocanna seirbhíse amach sna ceithre bliana amach romhainn. Ar a bharr sin, comhcheanglóimid oiliúint ar shaincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí isteach i gcúrsaí ginearálta oiliúna agus i nósanna imeachta agus cleachtais na Comhairle. Meastar go n-eascróidh feabhsúcháin ar sheachadadh seirbhíse ó úsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus leictreonacha. Ina measc seo tá an córas nua bainistíochta airgeadais. Cuirfear éiteas seirbhíse do chustaiméirí chun cinn ar fud na heagraíochta agus spreagfar custaiméirí agus an fhoireann chun a dtuairimí a nochtadh agus chun feabhas a chur ar chleachtais reatha.

Céard ar féidir leat a bheith ag súil leis uainn?

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do sheirbhís éifeachtúil chúirtéiseach ardchaighdeán a sholáthar dá gcustaiméirí. Caithfimid lenár gcustaiméirí go léir mar an gcéanna agus cinnteoidimid nach ndéantar aon idirdhealú ar aon fhorais. Beimid íogair do riachtanais ár gcustaiméirí agus cuirfimid i gcuntas a n-aois, a gcumas chun tuiscint a fháil ar rialacha agus nósanna imeachta a bhíonn casta, amanna, agus aon mhíchumas a d'fhéadfadh bheith orthu.

Nuair a bhíonn seirbhís á cur ar fáil ar an nguthán, tá an méid a leanas de chuspóir againn:

- Beidh an fhoireann ar fáil chun do ghlaio a fhreagairt ó 9.00 a.m. go dtí 5.00 p.m. Ó Luan go hAoine.
- Beidh siad cabhrach agus déanfaidh siad faisnéis shoiléir agus chruinn a sholáthar duit.
- Tabharfaidh siad ainm teagmhála agus uimhir ghutháin duit i gcónaí.
- Tabharfaidh siad freagairt cheart agus chúirtéiseach duit.
- Glacfaidh siad le sonraí agus glaofaídh said ar ais ort murar féidir leo do cheist a fhreagairt láithreach.

Tabharfaidh siad le fios cathain is féidir leat bheith ag súil leis go ndéanfaidh siad teagmháil leat, más gá dóibh glaio ar ais ort.

- Déanfaidh siad córas feabhsaithe gutháin a sholáthar dár gcustaiméirí.
- Coimeádfaidh siad eolaí inmheánacha gutháin atá cothrom le dáta.

Má thugann tú cuairt ar ár n-oifigí, tá an méid a leanas de chuspóir againn:

- Casadh leat go poncúil má tá coinne agat.
- Meas a léiriú ar do phríobháideacht.

- Déileáil leat ar bhealach dea-bhéasach, cúirtéiseach agus cóir.
- Déileáil le do cheist agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar atá againn chomh tapa agus is féidir.
- Ár n-oifigí a choimeád glan agus sábháilte.
- Leanúint le feabhas a chur ar inrochtaineacht dár gcustaiméirí uile, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Nóta: Mar gheall ar ghealltanais oibre, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach coinne a dhéanamh roimh ré chun casadh le roinnt comhaltaí foirne.

Nuair a bheidh comhfhreagras á sheoladh againn chugat, tá an méid a leanas de chuspóir againn:

- Friotal soiléir agus simplí a úsáid agus a laghad téarmaí teicniúla a úsáid is féidir.
- Ainm, guthán agus uimhir folíne teagmhála, seoladh ríomhphoist agus uimhir thagartha a chur san áireamh sa chomhfhreagras go léir a eisímid.
- Socruithe a dhéanamh a chinntiú nach bhfágfar litreacha gan fhreagra nuair atá comhaltaí aonair foirne as láthair.
- Teastaíonn taighde suntasach ó roinnt comhfhreagrais sular féidir freagra a eisiúint agus nuair a tharlaíonn seo, seolfaimid freagra eatramhach duit ina mínítear an cas.
- A chinntiú go bhfuil seoladh ríomhphoist leithdháilte ar rannóga seirbhíse.
- A chinntiú go ndéantar gach íocaíocht i gcomhréir le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Nuair a bhíonn foirmeacha agus bileoga á gcur i dtoll a chéile againn, tá an méid a leanas de chuspóir againn:

- A chinntiú go bhfuil bileoga agus foirmeacha ar fáil gan stró, lena n-áirítear i bhformáid leictreonach.
- Friotal soiléir agus simplí a úsáid.
- A mhíniú go díreach cén fhaisnéis a theastaíonn ar fhoirmeacha iarratais.
- Gan ach faisnéis ábhartha a iarraidh ar fhoirmeacha iarratais.
- A chinntiú nach n-úsáidfear sonraí a sholáthraítear ar fhoirmeacha ach amháin don chuspóir dá dtugtar iad.
- An cháipéisíocht go léir a chur i dtoll a chéile i réimse formáidí inrochtana a oireann do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas.

Gearáin:

- Mura bhfuil tú sásta le caighdeán na seirbhíse a sholáthraímid, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh le ceann rannóige na seirbhíse sin.
- Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagairt a fuair tú, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gearán, Gnóthaí Corparáideacha, i scríbhinn, a thabharfaidh freagairt ar do ghearán i scríbhinn laistigh d'fhiche a ocht lá tar éis an gearán a fháil.
- Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh ceart reachtúil agat chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, arb é a ról ná chun gearáin a fhiosrú faoi ghníomhartha riaracháin, moilleanna nó gníomh ar bith a dhéanamh a imríonn drochthionchar ar dhaoine nó comhlachtaí atá ag déileáil leis an gComhairle.
- Déileálfar le gach gearán i gceart, go cothrom agus go neamhchlaonta.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide:

- Bainfear úsáid as teicneolaíocht nua an méid is mó is féidir chun seirbhísí níos inrochtana a dhéanamh de sheirbhísí agus chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse.
- I gcaitheamh thréimhse an phlean, leanfar leis na córais teicneolaíochta faisnéise laistigh d'Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh a uasghrádú.

An Fhoireann:

- Cinnteoidh Comhairle Contae Chill Chainnigh go n-aithnítear an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtacaítear leo agus go dtéitear i gcomhairle leo i gceart maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.
- Cuirfear clár cuimsitheach oiliúna seirbhíse do chustaiméirí i bhfeidhm dár bhfoireann i gcaitheamh thréimhse an phlean.

Comhordú Seirbhísí:

- Cothóidh Comhairle Contae Chill Chainnigh cur chuige níos comhordaithe agus comhtháite i leith seachadadh seirbhísí.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla:

- Soláthróidh Comhairle Contae Chill Chainnigh, sa mhéid is féidir, seirbhísí ardchaighdeán trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus déanfaidh siad custaiméirí a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a roghnú go ndéileálfar leo trí cheann amháin den dá theanga oifigiúil.

Rogha:

- Soláthróidh Comhairle Contae Chill Chainnigh réimse roghanna, sa chás gurb indéanta, i seachadadh seirbhíse.
- Úsáidfídh an Chomhairle teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn le rochtain agus rogha, agus cáilíocht uasta an tseachadta a chinntiú.

Comhairliúchán agus Measúnú:

- Soláthróidh Comhairle Contae Chill Chainnigh cur chuige struchtúrtha i leith comhairliúchán bríoch leis an gcustaiméir, agus rannpháirtíocht ag an gcustaiméir, maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú ar sheirbhísí.
- Úsáidfídh Comhairle Contae Chill Chainnigh na Coistí Beartais Straitéisigh mar cheann amháin den chur chuige chun measúnú a dhéanamh ar ár seachadadh seirbhíse.
- Soláthróidh Comhairle Contae Chill Chainnigh bileog tuairimíochta ar ár láithreán gréasáin [www.kilkennycoco.ie] lena chur ar chumas custaiméirí a bhféadfadh gur mhian leo moltaí nó tuairimíocht a thabhairt ar na seirbhísí a sholáthraímid.

Struchtúir Pholaitiúla, Bhainistíochta agus Soláthair Foirne an Údaráis Áitiúil

Cuirfear iad seo isteach nuair a bheidh gach Stuchtúir Polaitiúil agus Atheagraithe Foirne críochnaithe.